2025/1422

18.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1422 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Iúil 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1141 chun liosta na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas a thabhairt cothrom le dáta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(1) agus (2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1141 ón gCoimisiún ([2]) bunaítear liosta na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas ('liosta an Aontais') atá le coinneáil cothrom le dáta de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014.

(2) Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil agus na measúnuithe riosca a rinneadh de bhun Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014, thángthas ar an gconclúid go gcomhlíontar na critéir go léir a leagtar amach in Airteagal 4(3) den Rialachán sin maidir leis na speicis choimhthíocha ionracha seo a leanas: *'Acacia mearnsii* [mar 'mearnsi'] De Wild., Pl. Bequaert. 3: 61 (1925), *Acridotheres cristatellus* (Linnaeus, 1758), *Asterias amurensis* Lutken, 1871, *Bipalium kewense* Moseley, 1868, *Brachyponera chinensis* (Emery, 1895), *Broussonetia papyrifera* (L.) L'Hér ex Vent., *Castor canadensis* Kuhl, 1820, Cervus nippon Temminck, 1838, *Cherax destructor* Clark, 1936, *Cipangopaludina chinensis* (Gray 1834), *Crassula helmsii* (Kirk) Cockayne, *Delairea odorata* Lem, *Faxonius immunis* (Hagen, 1870), *Marisa cornuarietis* (Linnaeus 1758), *Misgurnus anguillicaudatus* (Cantor, 1842), *Misgurnus bipartitus* (Sauvage & Dabry de Thiersant, 1874), *Mulinia lateralis* (Say, 1822), *Nanozostera japonica* (Ascherson & Graebner) Tomlinson & Posluszny, 2001, *Neogale vison* (Schreber, 1777), *Obama nungara* Carbayo, Álvarez-Presas, Jones & Riutort, 2016, *Platydemus manokwari* de Beauchamp, 1963, *Pycnonotus jocosus* (Linnaeus, 1758), *Reynoutria japonica* Houtt., *Reynoutria sachalinensis* (F. Schmidt) Nakai, *Reynoutria* × *bohemica* Chrtek & Chrtková agus *Vespa mandarinia* Smith, 1852.

(3) Maidir leis na speicis choimhthíocha ionracha uile dá dtagraítear in aithris 2, rinneadh na gnéithe uile a leagtar amach in Airteagal 4(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 a bhreithniú go cuí.

(4) Mar thoradh ar athraithe ar na tagairtí ainmníochta le haghaidh ceithre speiceas choimhthíocha ionracha is ábhar imní don Aontas, athraithe a bhfuil glacadh forleathan leo, is gá na hainmneacha nó gnéithe eile den ainmníocht iomlán a athrú le haghaidh na speiceas coimhthíoch ionrach seo a leanas a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1141: *Eichhornia crassipes, Hakea sericea, Pennisetum setaceum, Tamias sibiricus.*

(5) I bhfianaise na tacsanomaíochta atá ag athrú maidir leis an speiceas ionrach *Lampropeltis getula*, an raon mar a shainítear é sa mheasúnú riosca bunaidh, atá mar bhonn taca lena chuimsiú ar liosta an Aontais, is gá é a athdhearbhú agus a shoiléiriú. Sa mheasúnú riosca seo, baintear úsáid as an tagairt 'sensu lato' chun an speiceas a chuimsiú go hiomlán sa chiall thacsanomaíoch is leithne. Chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí tacsanomaíocha a d'fhéadadh a bheith ann agus chun cumhdach rialála láidir a áirithiú, ba cheart na fospeicis lena mbaineann a lua go sainráite.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1141 a leasú dá réir.

(7) Saothraítear an speiceas *Neogale vison* (Schreber, 1777) i roinnt Ballstát chun fionnadh a tháirgeadh. Sa mhéid go bhféadfadh sé a bheith ar na Ballstáit iarratais ar na húdaruithe a ullmhú, iarratais dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014, ba cheart áireamh an speicis sin ar liosta an Aontais a chur siar chun am a thabhairt do na Ballstáit iarratais den sórt sin a ullmhú sula ngabhfaidh éifeacht le liostú an speicis.

([1]) IO L 317, 4.11.2014, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1143/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1141 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2016 lena nglactar liosta na speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 189, 14.7.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/1141/oj).

(8) Tá dúshláin mhóra ag baint le bainistiú an speicis choimhthíoch ionraigh *Castor canadensis* Kuhl, 1820, i limistéir a bhfuil an béabhar dúchasach *Castor fiber* ([3]) iontu freisin de bharr na gcosúlachtaí idir an dá speiceas. Dá bhrí sin, ba cheart áireamh an speicis *Castor canadensis* ar liosta an Aontais a chur siar chun am a thabhairt do na Ballstáit reachtaíocht náisiúnta agus bearta bainistíochta sonracha a oiriúnú, i gcás inarb ábhartha, sula ngabhfaidh éifeacht le liostú *Castor canadensis* Kuhl, 1820.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1141 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (2) den Iarscríbhinn ón 7 Lúnasa 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Áirítear *Castor fiber* in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear mar a leanas an tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1141:

(1) Cuirtear gach ceann de na speicis seo a leanas isteach in ord aibítre:

Speiceas (i)	Cóid CN le haghaidh eiseamail bheo (ii)	Cóid CN le haghaidh codanna atá in ann atáirgeadh (iii)	Catagóirí earraí gaolmhara (iv)
'*Acacia mearnsii* [mar 'mearnsi'] De Wild., Pl. Bequaert. 3: 61 (1925)	ex 0602 90 48	ex 1209 99 99 (síolta)'	
'*Acridotheres cristatellus* (Linnaeus, 1758)	ex 0106 39 80	ex 0407 19 90 (uibheacha toirchithe atá le goradh)'	
'*Asterias amurensis* Lutken, 1871	ex 0308 90 10	-	(14), (15)'
'*Bipalium kewense* Moseley, 1868	ex 0106 90 00	-	(5)'
'*Brachyponera chinensis* (Emery, 1895)	ex 0106 49 00	-	(5), (7)'
'*Broussonetia papyrifera* (L.) L'Hér ex Vent.	ex 0602 90 48	ex 1209 99 99 (síolta)'	
'*Cervus nippon* Temminck, 1838	ex 0106 19 00	-'	
'*Cherax destructor* Clark, 1936	ex 0306 39 10	-'	
'*Cipangopaludina chinensis* (Gray 1834)	ex 0307 60 00	-'	
'*Crassula helmsii* (Kirk) Cockayne	ex 0602 90 50	ex 1209 99 99 (síolta)'	
'*Delairea odorata* Lem.	ex 0602 90 50	ex 1209 99 99 (síolta)'	
'*Faxonius immunis* (Hagen, 1870)	ex 0306 39 10	-'	
'*Marisa cornuarietis* (Linnaeus 1758)	ex 0307 60 00	-'	
'*Misgurnus anguillicaudatus* (Cantor, 1842)	ex 0301 99 17	ex 0511 91 90 (uibheacha éisc torthúla goir)'	
'*Misgurnus bipartitus* (Sauvage & Dabry de Thiersant, 1874)	ex 0301 99 17	ex 0511 91 90 (eochraí thorthúil ghoir)'	
'*Mulinia lateralis* (Say, 1822)	ex 0307 91 00	-'	
'*Nanozostera japonica* (Ascherson & Graebner) Tomlinson & Posluszny, 2001	ex 1212 29 00	-	(14), (15)'
'*Obama nungara* Carbayo, Álvarez-Presas, Jones & Riutort, 2016	ex 0106 90 00	-	(5)'
'*Platydemus manokwari* de Beauchamp, 1963	ex 0106 90 00	-	(5)'
'*Pycnonotus jocosus* (Linnaeus, 1758)	ex 0106 39 80	ex 0407 19 90 (uibheacha toirchithe lena ngoradh)'	
'*Reynoutria japonica* Houtt.	ex 0602 90 50	ex 1209 99 99 (síolta)'	
'*Reynoutria sachalinensis* (F. Schmidt) Nakai	ex 0602 90 50	ex 1209 99 99 (síolta)'	

Speiceas (i)	Cóid CN le haghaidh eiseamail bheo (ii)	Cóid CN le haghaidh codanna atá in ann atáirgeadh (iii)	Catagóirí earraí gaolmhara (iv)
'Reynoutria × *bohemica* Chrtek & Chrtková	ex 0602 90 50	ex 1209 99 99 (síolta)'	
'Vespa mandarinia Smith, 1852	ex 0106 49 00	-	(8), (9), (10)'

(2) sa tábla. cuirtear na speicis seo a leanas isteach in ord aibítre:

Speiceas (i)	Cóid CN le haghaidh eiseamail bheo (ii)	Cóid CN le haghaidh codanna atá in ann atáirgeadh (iii)	Catagóirí earraí gaolmhara (iv)
'Castor canadensis Kuhl, 1820	ex 0106 19 00	-'	
'Neogale vison (Schreber, 1777)	ex 0106 19 00	-'	

(3) 'Eichhornia crassipes (Mart.) Cuirtear '*Pontederia crassipes* Mart' in ionad Solms';

(4) Cuirtear '*Hakea sericea* Schrad. & J.C.Wendl. s.l.' in ionad '*Hakea sericea* Schrad. & J.C.Wendl.;

(5) sa ró le haghaidh *Lampropeltis getula (Linnaeus, 1766)*, cuirtear nóta tábla '(16)' le colún (iv);

(6) 'Pennisetum setaceum (Forssk.) Cuirtear '*Cenchrus setaceus* (Forssk.) Morrone *(Pennisetum setaceum* (Forssk.) Chiov.)' in ionad Chiov.';

(7) Cuirtear *'Tamias sibiricus* Laxmann, 1769 (*Eutamias sibiricus* (Laxmann, 1769))' in ionad *'Tamias sibiricus* Laxmann, 1769';

(8) sna nótaí a ghabhann leis an tábla maidir le colún (iv), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'(16) Le *Lampropeltis getula* (Linnaeus, 1766), déantar tagairt do na speicis nó na fospeicis seo a leanas: *L. getula getula* ('an rí-nathair choiteann'); *L. californiae* ('an rí-nathair Chalafoirniach'); *L. nigra* ('an rí-nathair dhubh oirthearach'); *L. splendida* ('an rí-nathair ghaineamhlaigh'); *L. holbrooki* ('an rí-nathair bhreac'); *L. floridana* ('an rí-nathair Fhloradach'); *L. nigrita* ('an rí-nathair ghaineamhlaigh dhubh'); *L. meansi* ('an rí-nathair Ísealchríocha Apalachicola Thoir').'